An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair: Ceol
TUAIRISC

Coláiste Pobail Ráth Chairn
Baile Átha Buí, Contae na Mí
Uimhir Rolla: 71991T

Dáta na cigireachta: 3 Bealtaine 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA CHEOL

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	2 agus 3 Bealtaine 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith cúig thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus don mhúinteoir

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sna ceachtanna ar fad a breathnaíodh go sármhaith.
- Rinneadh forbairt ar litearthacht agus uimhearthacht an cheoil a chomhtháthú go maith i ngach ceacht agus tá neart dáileán agus bileoga oibre as Gaeilge cruthaithe ag an múinteoir.
- Baineadh úsáid as réimse leathan de mhodheolaíochtaí: uaireanta, úsáideadh straitéisí a bhí fíor-nuálach ar mhaithe leis an bhfoghlaim a threisiú, agus rinneadh na trí chomhchuid den Cheol a chomhtháthú go rathúil i gceachtanna.
- Rinneadh an fhoghlaim a fheabhsú trí scoth an chaidrimh agus an t-atmaisféar dearfach sa seomra ranga a bhí le sonrú sna ranganna ar tugadh cuairt orthu.
- Tá leibhéal na rannpháirtíochta san fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ag an múinteoir inmholta go hard.
- Tá plean ceoil forbartha agus méid mór eolais ann. Níl léiriú le fáil sa phlean seo áfach ar an iliomad deachleachtas atá le feiceáil in eagrú agus teagasc an ábhair.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Le himeacht ama, ba chóir an plean ceoil a fhorbairt níos mó: ba chóir na straitéisí teagaisc agus foghlama uilig a úsáidtear i gceachtanna a thaifeadadh go cruinn agus a nascadh le topaicí, acmhainní agus modhanna meastóireachta. Ba chóir spriocanna fadtéarma a dhoiciméadú agus ba chóir na cleachtais fhéinmheastóireachta atá le feiceáil i roinn an cheoil cheana a fhorbairt níos mó.

RÉAMHRÁ

Iar-bhunscoil chomhoideachais is ea Coláiste Pobail Ráth Chairn atá faoi choimirce Choiste Gairmoideachais (CGO) Chontae na Mí. Tá sé lonnaithe i nGaeltacht na Mí agus múintear na hábhair uilig, ach amháin Béarla, trí mheán na Gaeilge. Tá 128 scoláire, idir bhuachaillí agus chailíní, ar rolla na scoile. Múintear cláir an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta bunaithe sa scoil. Tá Idirbhliain roghnach ar fáil sa tsraith shinsearach freisin agus tá an Ceol éigeantach laistigh den chlár seo.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sna ceachtanna ar fad a breathnaíodh go sármhaith. Roinneadh torthaí foghlama leis na scoláirí ón tús agus rinneadh achoimre chuí ar cheachtanna sular tugadh an obair bhaile.
- Ar an iomlán, spreagadh scoláirí le machnamh a dhéanamh go han-domhain agus go han-chriticiúil faoi cheisteanna. Bhí na straitéisí ceistiúcháin an-éifeachtúil chun leibhéal maith tuisceana a chinntiú agus chun a chinntiú go raibh leibhéil chuí dúshláin mar chuid lárnach de cheachtanna. Mar sin féin, uaireanta níor tugadh dóthain ama do scoláirí chun freagra a thabhairt. Tá sé tábhachtach go dtugtar dóthain ama do scoláirí i gcónaí le ceisteanna a fhreagairt.
- Príomhghné de na ceachtanna uilig ab ea forbairt scileanna na scoláirí. Mar shampla, forbraíodh scileanna éisteachta agus praiticiúla na scoláirí go han-rathúil sna ceachtanna a breathnaíodh. Mar sin féin, ba chóir cúram a ghlacadh gan ualach rómhór a chur ar scoláirí le barraíocht gníomhaíochtaí éisteachta in aon cheacht amháin.
- Rinneadh forbairt ar litearthacht agus uimhearthacht an cheoil a chomhtháthú go maith i ngach ceacht. Tá neart dáileán agus bileoga oibre as Gaeilge cruthaithe ag an múinteoir chun eolas na scoláirí ar stór focal an cheoil a fhorbairt níos mó agus chun freastal ar a riachtanais litearthachta Gaeilge. Tá sé seo inmholta.
- Bunaíodh naisc a bhí go han-mhaith leis an bhfoghlaim roimhe sin ag tús na gceachtanna. Thacaigh an cur chuige seo leis an leanúnachas, le comhtháthú an ábhair nua agus le forbairt gan uaim an cheachta.
- Baineadh úsáid as réimse leathan de mhodheolaíochtaí a bhí an-éifeachtúil. Tá sé le moladh go raibh na trí chomhchuid den Cheol, éisteacht, cumadóireacht agus ceolchasadh comhtháite sna ceachtanna a breathnaíodh. I gceacht amháin, úsáideadh straitéisí nuálacha chun an fhoghlaim a dhaingniú. Ina measc seo, baineadh úsáid as clárphictiúir, a chruthaigh na scoláirí féin, agus cluiche.
- Go minic chuimsigh na modheolaíochtaí scoláirí san fhoghlaim trí ghníomhaíocht. I measc na samplaí bhí úsáid an bhoird chun príomhchoincheapa ceoil a aibhsiú agus a mhíniú agus úsáid shármhaith teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) chun scileanna éisteachta a threisiú agus chun scoláirí a ghabháil le tascanna scríofa.
- Cuireadh leis an bhfoghlaim trí scoth an chaidrimh, an t-atmaisféar an-mhaith, ionchais arda agus dearbhú ar iarrachtaí na scoláirí a bhí le feiceáil sna ceachtanna uilig. Cuireadh straitéisí idirdhealaithe san áireamh sna ceachtanna, ag freastal ar stíleanna foghlama éagsúla. Bhí na scoláirí gafa agus spreagtha ag na ceachtanna a tugadh sna seomraí ranga ar fad a breathnaíodh agus ag ábhar na gceachtanna sin.

- Tá an seomra ceoil bríomhar agus eagraithe go han-mhaith le neart póstaer ar taispeáint ina bhfuil léirithe ar thopaicí éagsúla ceoil. Tá saothar scoláirí le feiceáil sa seomra freisin, rud atá inmholta.
- Baineadh úsáid an-mhaith as straitéisí meastóireachta múnlaitheacha sna ceachtanna ar fad. Tá tionchar dearfach ar fhoghlaim na scoláirí ag na nótaí tráchta agus mínithe dearfacha i scórpháipéir agus trialacha ranga na scoláirí. Ba chóir an deachleachtas seo a leathnú chuig leabhair nótaí anois.
- Déanann an bhainistíocht agus an múinteoir ceoil anailís ar thorthaí scrúduithe agus monatóireacht ghrinn ar ghnóthachtáil acadúil. Tá na treochtaí atá ag teacht chun tosaigh ina leith seo an-dearfach agus le moladh go mór. Buaileann an bhainistíocht shinsearach leis na ranna ábhair uilig, Ceol san áireamh, chun athmhachnamh a dhéanamh ar thorthaí na scoláirí i scrúduithe teistiméireachta agus is an-deachleachtas ar fad é seo.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá líon na scoláirí atá ag gabháil don Cheol go han-mhaith. Beart dearfach is ea an clár éigeantach Ceoil atá san Idirbhliain toisc go gcuireann sé deiseanna ar fáil ar mhaithe le scileanna litearthachta a fheabhsú, go gcuireann sé le forbairt scileanna, agus go dtacaíonn sé leis na scoláirí chun roghanna eolasacha ábhar a dhéanamh don Ardteistiméireacht.
- Tá soláthar amchláir don Cheol ag teacht le moltaí an tsiollabais.
- Tá na hacmhainní don Cheol go han-mhaith. De réir mar a bhíonn airgead ar fáil, chuirfeadh ceannach bhosca cnaguirlisí níos mó leis an soláthar seo.
- Tacaíonn an bhainistíocht shinsearach le freastal ar chúrsaí FGL, staidéar breise agus ballraíocht ar chumann gairmiúil. D'fhreastail an múinteoir ceoil ar chúrsaí a cuireadh ar fáil ag Cumann na Múinteoirí Ceoil Iar-bhunscoile (*PPMTA*) agus ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM). Ach go háirithe, tá cáilíocht iarchéime bainte amach ag an múinteoir ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun cur lena cuid scileanna sa teagasc trí mheán na Gaeilge. Tá an tiomantas seo do FGL phearsanta an-inmholta.
- Tugtar an deis do scoláirí páirt a ghlacadh i réimse de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comhchuraclaim. Aithnítear tiomantas agus díograis an mhúinteora cheoil ina leith seo.
- Áiríonn na modhanna meastóireacht scrúduithe foirmiúla agus meastóireachta ranga rialta. Eisítear tuarascálacha chuig tuismitheoirí i rith na bliana agus tionóltar cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí do gach bliainghrúpa.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Bhí caighdeán an-ard ar an bpleanáil agus ullmhúchán do cheachtanna. Chuidigh sé seo le cáilíocht a dheimhniú i dteagasc na gceachtanna agus i dtacú le scoláirí ina gcuid oibre. Bhí acmhainní ceachta ar nós na mbileoga oibre agus trealamh praiticiúil agus TFC socraithe agus réidh le húsáid.

- Cuireadh plean ábhair i láthair agus bhí neart eolais ann. Tá cláir oibre forbartha do gach bliainghrúpa. Tá naisc chuí déanta idir an topaic agus forbairt scileanna na scoláirí. Mar sin féin, níl léiriú iomlán le fáil sa phlean ar na cleachtais den scoth atá le feiceáil in eagrú agus teagasc an ábhair.
- Le himeacht ama, ba chóir an plean ceoil a fhorbairt mar seo a leanas: ba chóir spriocanna fadtéarma a dhoiciméadú; ba chóir topaicí a fhorbairt trí thagairt do thorthaí foghlama, modheolaíochtaí, acmhainní agus meastóireacht; agus ba chóir na cleachtais fhéinmheastóireachta atá le feiceáil i roinn an cheoil cheana a fhorbairt níos mó.
- Tá pleanáil na hIdirbhliana go han-mhaith. Cuirtear réimse de ghníomhaíochtaí praiticiúla um déanamh ceoil ar fáil do scoláirí. Ina theannta sin, tugtar deis do scoláirí obair go neamhspleách ar an múinteoir trí obair thionscadail.
- Dáiltear am foirmiúil ar na ranna ábhair ar fad le bualadh lena chéile agus baineann an múinteoir ceoil úsáid as an am seo le freastal ar chruinnithe lena comhghleacaithe ó roinn na staire.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus le múinteoir an ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

Foilsithe Deireadh Fómhair 2012